An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

# Coiste Comhairleach um Sheirbhísí Gaeilge

## Miontuairiscí - Cruinniú 11 – 24 Samhain 2023

**LÁTHAIR:** Foras na Gaeilge, 63-66 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1

**DÁTA:** Dé hAoine, an 24 Samhain 2023

**AM:** 10:00 – 12:30

**I LÁTHAIR:**

| Ainm | Eagraíocht | Ról | Modh |
|---|---|---|---|
| An Dr. Aodhán Mac Cormaic | An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán | Cathaoirleach | Ar an Láthair |
| Sinéad Coleman | An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | Comhalta | Ar an Láthair |
| Marta Alvarez (thar ceann John Howlin) | An Roinn Caiteachais Phoiblí Seachadadh PFN agus Athchóirithe | Comhalta | Ar an Láthair |
| An Ceannfort Seán Glynn | An Garda Síochána | Comhalta | Ar an Láthair |
| Eithne Fox | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | Comhalta | Ar Chianceangal |
| Breandán Mac Craith | Foras na Gaeilge | Comhalta | Ar an Láthair |
| John Prendergast | Pobail Ghaeltachta | Comhalta | Ar an Láthair |
| Mairéad Ní Ghabháin | Pobail Teanga lasmuigh den Ghaeltacht | Comhalta | Ar an Láthair |
| Séamas Ó Cuileannáin (thar ceann Niamh Kenny) | An Roinn Coimirce Sóisialaí | Comhalta | Ar an Láthair |
| Jim Molloy | An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil | Comhalta | Ar an Láthair |
| Emily Maloney | An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán | Rúnaí | Ar an Láthair |
| Sadhbh Ó Cinnseala | An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán | Príomhoifigeach Gníomhach an Aonaid | Ar an Láthair |

**IN EASNAMH LE LEITHSCÉAL:**

- Ní raibh Mags Campbell, ionadaí na Roinne Oideachais, ábalta a bheith ag an gcruinniú.

PRÍOMHCINNTÍ TÓGTHA:

- Aontaíodh miontuairiscí an chruinnithe roimhe sin, an 27 Deireadh Fómhair 2023;
- Aontaíodh go mbeadh an chéad chruinniú eile den Choiste ar siúl Dé hAoine, an 26 Eanáir 2024, i bhfoirgneamh Fhoras na Gaeilge, 63-66 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1;
- Aontaíodh dátaí agus am na gcruinnithe atá le teacht go dtí mí Aibreáin 2024;
- Aontaíodh go n-eiseodh an Roinn dréacht-téarmaí tagartha críochnúla don ghrúpa oibre teicniúil atá le bunú i leith Alt 9A d'Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 do chomhaltaí an Choiste lena bhfaomhadh a fháil.

PLÉ AR AN gCLÁR INA IOMLÁINE:

1. **Fáilte ón gCathaoirleach**:
    - Cuireadh tús leis an gcruinniú le ráiteas oscailte ó Chathaoirleach an Choiste, an Dr. Aodhán Mac Cormaic;
    - Luadh na heachtraí agus an chorraíl a tharla sa chathair an oíche roimhe sin agus moladh comhaltaí an Choiste as a ndíograis i leith obair an Stáit freastal ar an gcruinniú in ainneoin na hócáide uafásaí sin. Tugadh moladh ar leith dóibh siúd a bhí ar an líne tosaigh, go háirithe na seirbhísí éigeandála, agus rinneadh machnamh orthu siúd a gortaíodh le linn na n-eachtraí;
    - Cuireadh fáilte faoi leith roimh Marta Alvarez agus Séamas Ó Cuileannáin a bhí ag seasamh isteach do John Howlin agus Niamh Kenny faoi seach ag an gcruinniú.

2. **Miontuairiscí an Chruinnithe roimhe sin:**
    - Aontaíodh miontuairiscí chruinniú an Choiste roimhe sin a tionóladh ar Aoine, an 27 Deireadh Fómhair 2023.

3. **Nithe atá tagtha chun cinn:**

**3.1. Alt 9A den Acht Leasaithe:**

- Rinne an Coiste athbhreithniú ar na dréacht-téarmaí tagartha don ghrúpa oibre teicniúil a bhfuil i gceist a bhunú i leith Alt 9A agus rinneadh plé ginearálta orthu sin;
- Moladh roinnt grúpaí agus comhlachtaí a áireamh mar chuid de chomhaltas an ghrúpa oibre;
- Aontaíodh go n-eiseodh an Roinn dréacht-téarmaí tagartha críochnúla bunaithe ar an bplé do na comhaltaí le faomhadh.

**3.2. Grúpa Oibre ar Chúrsaí Earcaíochta:**

- Luadh go raibh réamhchruinniú le déanaí idir an t-aonad gnó sa Roinn leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh

PFN agus Athchóirithe maidir le grúpa oibre atá le bunú i ndáil le cúrsaí earcaíochta le Gaeilge sa státseirbhís.

4. **Forbairt an Phlean Náisiúnta:**
   - Luadh gur thosaigh an dara Chomhalta Taighde ar a ról ar an 13 Samhain 2023;
   - Luadh go raibh cruinniú ag an aonad gnó leis an bhfoireann taighde ar an 14 Samhain 2023 chun téarmaí tagartha an taighde a phlé arís, le spriocanna an tionscadail a dheimhniú leo in athuair;
   - Ina dhiaidh sin, rinneadh plé ar ábhar gaolta le cúrsaí earcaíochta agus soláthair dóthanach de dhaoine le hinniúlacht sa teanga a chinntiú go fadtréimhseach - mar shampla cúrsaí a bhain le hinfhaighteacht oideachais luathbhlianta Gaeilge laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht.

5. **Tráchtaireacht faoin gCoiste sna Meáin:**
   - Dúradh go raibh ailt éagsúla ábhartha sna meáin ón gcruinniú deireanach, mar seo a leanas:
     - Alt dar dáta an 14 Samhain 2023 ar Tuairisc.ie maidir le post Ard-Rúnaí na Roinne;
     - Ailt dar dáta an 21 Samhain 2023 ar Tuairisc.ie, agus an 23 Samhain 2023 ar Tuairisc.ie, maidir le cruinniú de Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge.

6. **Dáta don Chéad Chruinniú Eile:**
   - Aontaíodh go mbeadh an chéad chruinniú eile den Choiste ar siúl Dé hAoine, an 26 Eanáir 2024, i bhfoirgneamh Fhoras na Gaeilge, 63-66 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1.

23 Feabhra 2024

**Rúnaí** **Dáta Faofa**